

# Caibidil 11

## An Timpeallacht, Acmhainní Nádúrtha & an Cósta

"Tairbhe a bhaint as acmhainní nádúrtha agus cósta an Chontae ar bhealach atá comhoiriúnach le híogaireacht na gceantar tuaithe, le caighdeán na beatha mar atá faoi láthair, agus le cosaint agus feabhsú thimpeallacht nádúrtha an Chontae"

# 11 AN TIMPEALLACHT, ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA & AN CÓSTA

## 11.1 TIMPEALLACHT

Soláthraíonn caighdeán ár dtimpeallacht nádúrtha na comhpháirteanna bunúsacha atá riachtanach chun saol an duine a chothú mar aon leis an tsochaí agus an geilleagar ina mairimid. Is iad na tírdhreacha fisiciúla atá mórthimpeall orainn agus is cuid den ghréasán bithéagsúlachta na rudaí ar fad a leagaimid súil orthu, lena n-áirítear crainn, cóstaí, dobharlaigh agus an tuath.



Éilíonn timpeallacht athraitheach beartais agus cláir athraitheacha agus oiriúnaitheacha chun freastal ar na dúshláin atá á gcruthú ag an timpeallacht ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Príomhghné de chaomhnú na bithéagsúlachta agus na ngnáthóg agus na speiceas uiscebhunaithe é cothabháil cháilíocht an uisce. Is bagairt shuntasach é caillteanas bithéagsúlachta de bhrí nach féidir díghrádú gnáthóg agus caillteanas speiceas a aisiompú go minic. Tá dúshlán bunúsach ag baint le caighdeán na timpeallachta a chaomhnú, a fheabhsú agus a chosaint agus ag an am céanna forbairt a éascú agus a spreagadh. Ní hamháin go mbaineann luach bunúsach le timpeallacht ar ardchaighdeán, tá ról lárnach ag timpeallacht ar ardchaighdeán i bhforbairt gheilleagrach agus i sláinte agus folláine ár bpobal.

Déantar cur síos sa Chaibidil seo ar na cuspóirí beartais a éascóidh forbairt i suíomhanna oiriúnacha agus ag an am céanna a chaomhnóidh an timpeallacht nádúrtha le haghaidh na nglúnta atá le teacht.

### 11.1.1 Comhthéacs Beartais

Cinntear ag deireadh *'Tuarascáil ar Staid na Timpeallachta don Eoraip 2020'*, foilseachán de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA) go bhfuil dúshláin timpeallachta lena mbaineann scála agus práinn níos mó ná riamh le sárú ag an Eoraip. Sonraítear sa Tuarascáil go mbeidh gníomh práinneach le cur i gcrích i bpríomhréimsí as seo go ceann 10 mbliana má táthar chun cuspóirí chlár oibre 2030 don fhorbairt inbhuanaithe agus cuspóirí Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh. Cinntear ag deireadh na Tuarascála nach n-éireoidh leis an Eoraip a fís inbhuanaitheachta .i. 'muid ag maireachtáil go maith, faoi shrianta ár bpláinéid' a chomhlíonadh trí fhás geilleagrach a chur chun cinn agus trí iarracht a dhéanamh iarmhairtí díobhálacha a bhainistiú trí úsáid a bhaint as uirlisí beartais timpeallachta agus sóisialta. Seachas sin, ní mór glacadh le hinbhuanaitheacht mar threoirphrionsabal le haghaidh beartas agus gníomhartha uaillmhianacha agus comhleanúnacha sa tsochaí trí chéile.

Ag leibhéal náisiúnta, tá an foilseachán dar teideal *'Timpeallacht na hÉireann – Measúnú 2016'* curtha i dtoll a chéile ag an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA). Is í an Tuarascáil seo an foilseachán is déanaí i sraith *'Staid na Timpeallachta'* EPA, a fhoilsítear gach 4 bliana. Déantar cur síos sa Tuarascáil, ag leibhéal straitéiseach, ar staid reatha thimpeallacht na hÉireann.

Soláthraítear ann nuashonrú maidir leis na dúshláin timpeallachta atá le sárú againn ag leibhéal náisiúnta agus domhanda. Cinntear ag deireadh na Tuarascála go mbaineann go leor gnéithe dearfacha le timpeallacht na hÉireann: Go ginearálta, glactar leis go bhfuil caighdeán an aeir go maith, go bhfuil cáilíocht an uisce go maith in go leor aibhneacha, lochanna, inbhear agus uiscí cósta agus tá dul chun cinn iontach déanta i ndáil le spriocanna an AE maidir le hathchúrsáil, aisghabháil agus atreorú dramhaíola a chomhlíonadh.

É sin ráite, cuirtear in iúl sa Tuarascáil go bhfuil dúshláin le sárú agus go bhfuil gníomhartha le cur i gcrích, a mbaineann tábhacht leo i gcomhthéacs chosaint na timpeallachta agus forbairt inbhuanaithe.

Seo a leanas na seacht bpríomhghníomh timpeallachta a aithnítear sa tuarascáil:

- Aitheantas a thabhairt do na buntáistí don tsláinte agus don fholláine a eascraíonn as timpeallacht ar ardchaighdeán;
- Bearta a chur chun feidhme a mbíonn feabhsuithe leanúnacha dá mbarr le sonrú i stádas timpeallachta dobharlach idir foinse agus farraige;
- Dlús a chur le gníomhartha maolaithe chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus beartaithe oiriúnaithe a chur chun feidhme chun cur lena seasmhaí is atáimid le linn dúinn a bheith ag déileáil le tionchair dhíobhálacha aeráide;
- Smaointe maidir le héifeachtúlacht acmhainní agus inbhuanaitheacht timpeallachta agus cuntas ar fheidhmíocht a chomhtháthú i ngach earnáil gheilleagrach;
- Pobail a chur ar eolas, deis rannpháirtíochta a thabhairt dóibh agus tacú leo chun an timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú;
- Áiteanna atá gan mhilleadh agus áiteanna fiáine a fheidhmíonn mar mhoil bhithéagsúlachta a chosaint, cur le sláinte agus folláine agus deiseanna a chruthú chun turasóireacht inbhuanaithe a fhorbairt, agus
- Rianú pleananna agus beartas a fheabhsú agus reachtaíocht timpeallachta a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar mhaithe leis an timpeallacht a chosaint.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC1** | Beartas Eorpach, Náisiúnta agus Réigiúnach a bhaineann le cosaint na timpeallachta, gníomhú ar son na haeráide agus prionsabail na forbartha inbhuanaithe a chur i bhfeidhm i ndáil le beartais agus nósanna imeachta na Comhairle. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC2** | Na prionsabail réamhchúraim agus "íocadh an truaillitheoir" a chur i bhfeidhm i ndáil le forbairt atá ceadaithe sa Chontae. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC3** | Iarracht a dhéanamh caighdeáin Eorpacha agus Náisiúnta a chomhlíonadh i ndáil le cáilíocht aeir, torainn agus uisce sa Chontae agus BAT (Na Teicnící is Fearr atá ar Fáil) caighdeánach a chur chun feidhme. |

### 11.1.2 Gníomhú ar son na hAeráide

Áirítear an tAthrú Aeráide i measc ceann de na saincheisteanna is tábhachtaí agus is práinní nach mór aird a dhíriú uirthi ag leibhéal Idirnáisiúnta, Náisiúnta agus Áitiúil. Ionas gur féidir déileáil le saincheist an athraithe aeráide ní mór gníomhú ar bhealach comhordaithe ag leibhéil éagsúla agus tá gá le hathrú iompraíochta chomh maith céanna. Beidh ról tábhachtach ag an bPlean sna hiarrachtaí a dhéanfar sa chomhthéacs seo. Ceanglaítear ar údaráis áitiúla bearta oiriúnaithe agus maolaithe don athrú aeráide a shonrú mar chuid de phróiseas athbhreithnithe a bplean forbartha agus de na gealltanais atá tugtha acu sa *Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide, i Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide Chomhairle Contae Lú 2019-2024 agus i bPlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019.*
Tá treoir maidir le bearta oiriúnaithe le fáil sa *Chreat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide – Athléimneacht in aghaidh an Athraithe Aeráide DECLG 2012* agus sa *Chreat Náisiúnta um Oiriúnú* freisin. Dírítear go sonrach ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus le bearta oiriúnaithe i gCaibidil 12 den Phlean.







| spóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC4** | Tacú le spriocanna agus cuspóirí na bhfoilseachán seo a leanas - *An Comhaontú Glas don Eoraip*, *Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide* 2019 agus *An Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide* - ar mhaithe lena chinntiú go dtarlaíonn forbairt inbhuanaithe ar fud an Chontae. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC5** | Tacú le tuilleadh forbartha inbhuanaithe i gContae Lú ar bhealach a thacóidh le maolú an athraithe aeráide agus le bearta oiriúnaithe trí chur chun feidhme bonneagair i lonnaíochtaí ainmnithe. |

### 11.1.3 Astaíochtaí Torainn

Is éard atá i gceist le torann timpeallachta torann astaithe ag trácht ar bhóithre, trácht iarnróid, aerthrácht agus torann i gceirtleáin uirbeacha atá níos mó ná méid sonraithe. D'fhéadfadh leibhéil torainn cur isteach ar shíocháin agus ar chiúnas ba cheart a mbeadh cónaitheoirí agus úsáideoirí conláistí in ann tairbhe a bhaint as le réasún. Tá Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn curtha i dtoll a chéile ag Comhairle Contae Lú, de réir na *Treorach Eorpaí a bhaineann le Torann 2002/49/CE*. Is plean straitéiseach 5 bliana é an Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn a chlúdaíonn an tréimhse idir 2018 - 2023.

### 11.1.3.1 Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn 2018 - 2023

Is é aidhm fhoriomlán an phlean torainn timpeallachta a bhainistiú laistigh de chreat na rialachán chun éifeachtaí díobhálacha mar thoradh ar nochtadh fadtéarmach do thorann timpeallachta a sheachaint, a chosc agus a laghdú. Tacóidh sé seo le sláinte mhaith.

Dá réir sin, tá dhá aidhm luaite leis an *bPlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn*:

- Tionchair shuntasacha dhíobhálacha sláinte mar thoradh ar thorann a sheachaint; agus
- Caighdeán an torainn timpeallachta a chaomhnú in áiteanna ina bhfuil an caighdeán go maith.

I gCo. Lú, baineann an t-aon fhoinse torainn atá le breithniú sa Phlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn le príomhbhóithre a mbíonn breis is 3 mhilliún aistear feithicle á ndéanamh orthu gach bliain, mar atá sainaitheanta sna Rialacháin.

Tá mapaí torainn ar leith forbartha ag an gníomhaireacht ainmnithe mapála torainn, Bonneagar Iompair Éireann (TII), le haghaidh bóithre náisiúnta agus réigiúnacha i gCo. Lú.

Sonraítear sa *Phlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn* liosta de bhóithre laistigh den Chontae a bhfuil níos mó ná 3 mhilliún aistear feithicle déanta orthu gach bliain. Tá eolas maidir leis na bealaí seo le fáil i bhFigiúr 11.1.

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **TANC6** | *Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn 2018-2023* Chomhairle Contae Lú (agus aon Phlean ina dhiaidh sin) a chur chun feidhme chun éifeachtaí dochracha, lena n-áirítear crá croí mar gheall ar nochtadh do thorann timpeallachta a sheachaint, a chosc agus a laghdú. |

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **TANC7** | A cheangal go bhfuil bearta maolaithe cuí á gcur i bhfeidhm i bhforbairtí nua atá beartaithe laistigh de theorainneacha torainn na mapaí torainn le haghaidh stráicí ainmnithe de bhóithre sa Chontae ionas go mbeidh éifeachtaí díobhálacha ó thorann timpeallachta á gcosc. |

**Figiúr 11.1: Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn - Bealaí Laistigh de Chontae Lú**



### 11.1.4 Truailliú Solais

Ainneoin go bhfuil solas saorga riachtanach chun timpeallacht shábháilte agus shlán a chinntiú san oíche, tá an Chomhairle airdeallach ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag truailliú solais, dallrú agus doirteadh ar chonláistí amhairc, fiadhúlra agus cónaithe na gceantar mórthimpeall.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC8** | A chinntiú go bhfuil na soilse seachtracha ar fad, soilse saorsheasaimh nó nasctha le foirgneamh, deartha agus tógtha ar shlí a chinnteoidh nach mbeidh an iomarca doirte nó dallraithe solais nó nach mbeidh tiománaithe á ndalladh, agus ar an tslí sin, srian a chur le truailliú solais sa timpeallacht mórthimpeall agus conláistí na réadmhaoine, an tráchta agus an fhiadhúlra in aice láimhe a chosaint. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC9** | A cheangal go mbeadh na sonraí ar fad a bhaineann le soilse ar an láthair a bhaineann le gach forbairt a dhéanfar amach anseo á gcur ar fáil don údarás pleanála agus á gcomhaontú leis an údarás pleanála. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC10** | Tacú le húsáid a bheith á baint as soilse ísealfhuinnimh LED (nó a gcomhionann) chun tacú le Gníomhú ar son na hAeráide. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC11** | Ordlathas criosanna déine solais a chur chun feidhme de réir mar is gá i scéimeanna forbartha d'fhonn a chinntiú go bhfuil tionchar timpeallachta á íoslaghdú a mhéid agus is féidir go háirithe i gceantair atá gar do chonairí éiceolaíocha. |

### 11.1.5 Caighdeán an Aeir

D'fhéadfadh go mbeadh caighdeán aeir íseal sa timpeallacht uirbeach agus tuaithe mar bhonn le fadhbanna suntasacha timpeallachta.

Ar an gcuma chéanna, tá nasc díreach idir caighdeán aeir íseal agus drochshláinte i measc an phobail i gcoitinne. Is iad an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus Comhairle Contae Lú a dhéanann faireachán ar chaighdeán an aeir. Tá an Chomhairle airdeallach ar an ngá atá leis na caighdeáin is airde aeir agus is féidir a chinntiú laistigh den Chontae.

Tá aird tarraingthe ar an obair atá á déanamh ag EPA i ndáil le faireachán ar chaighdeán an aeir agus tá an Plean ag tacú le stáisiúin faireacháin fíor-ama nua a úsáid i ndáil le caighdeán an aeir laistigh den Chontae.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC12** | Tacú le caomhnú chaighdeán an aeir chomhthimpeallaigh is fearr atá comhoiriúnach le forbairt inbhuanaithe de réir *Threoir an AE maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh agus Aer Níos Glaine don Eoraip (CAFE) (2008/50/CE)* agus a chinntiú go bhfuil gach astaíocht aeir a bhaineann le forbairtí nua ag teacht leis na Caighdeáin Cháilíochta Timpeallachta mar atá sonraithe i *Rialacháin um Chaighdeáin Aercháilíochta 2011 (IR Uimh. 180 de 2011)*, nó aon doiciméid nuashonraithe/ionaid. |

## 11.1.6 Radón

Is gás radaighníomhach a bhíonn le fáil go nádúrtha é radón. Foirmítear é mar thoradh ar lobhadh radaighníomhach úráiniam. Go hiondúil faightear úráiniam i mbruthcharraigeacha agus in ithir, rud a chiallaíonn go bhfuil riosca radóin níos airde i gceantair áirithe den tír. Is gás radaighníomhach gan dath, gan bholadh agus gan bhlas é radón. Is é nochtadh do radón is cúis le breis is leath den dáileog iomlán radaíochta a fhaigheann pobal na hÉireann.

Ní bhíonn fadhbanna le radón ach nuair atá an gás i spás teoranta cosúil le do theach nó d'ionad oibre.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC13** | A chinntiú go bhfuil an treoir shonrach a bhaineann le bearta coisc radóin le haghaidh tithe nua atá le fáil sna Rialacháin Tógála reatha lena n-áirítear aon rialacháin nuashonraithe / ionaid á cur chun feidhme. |

## 11.1.7 Ithir

Is meascán atá gníomhach go bitheolaíoch de mhianraí síonchaite, ábhar orgánach, orgánaigh agus uisce a sholáthraíonn bunús na beatha agus na n-éiceachóras talún é ithir. Tacaíonn ithir le héiceachórais nádúrtha agus le saol an duine trí amhábhair a sholáthar, freastal ar tháirgeadh bia agus talamh a sholáthar a éascaíonn forbairt. Chomh maith leis sin, stórálann, scagann, athraíonn agus feidhmíonn ithir mar mhaolán le haghaidh substaintí a thugtar isteach sa timpeallacht lena mbaineann tábhacht ar leith i ndáil le táirgeadh agus cosaint soláthairtí uisce agus gáis ceaptha teasa a rialú.

Tugtar aitheantas sa Phlean don phríomhról atá ag ithir ina lán réimsí cosúil le táirgeadh bia, screamhuisce, bainistíocht tuilte mar aon le feidhmiú mar phríomh-chomhábhar a thacaíonn le raon leathan gnáthóg éiceachórais agus a fheabhsaíonn bithéagsúlacht.

Cuirfear foilseachán EPA dar teideal *Cód Cleachtais: Measúnú Riosca Timpeallachta le haghaidh Láithreán Diúscartha Dramhaíola Neamhrialaithe (2007)* san áireamh i dtograí forbartha laistigh de nó gar do sheanláithreáin líonta talún de réir mar is cuí. Déanfar gach láithreán neamhfhorbartha, éillithe a fheabhsú ag caighdeáin a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta sula ndéantar aon athfhorbairt.

Beidh tuarascáil ó shainchomhairleoir cáilithe feabhsúcháin i dteannta le gach iarratas ina gcuimseofar dea-chleachtas agus saineolas idirnáisiúnta maidir le teicnící athchóirithe éiceolaíocha nuálacha lena n-áirítear tionscnaimh speisialta plandaithe agus glasa a chruthaíonn láithreáin ar a bhfuil cuma aeistéitiúil níos fearr, timpeallachtaí sláintiúla agus a chabhraíonn le soláthar spásanna oscailte glasa nua mar dhlúthchodanna de limistéir nuachruthaithe.

Beidh *Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996* (ceadúnas dramhaíola, cead saoráidí dramhaíola), arna leasú, agus *Acht EPA 1992* (ceadúnú Astaíochtaí Tionsclaíocha, go háirithe an Chéad Sceideal, Aicme 11 Dramhaíl), arna leasú, á gcomhlíonadh ag cóireáil/bainistiú aon ábhar éillithe. Cinnteoidh na bearta seo go mbeidh ábhar éillithe á bhainistiú ar bhealach a chuireann deireadh le haon riosca do shláinte an duine agus a chinntíonn go mbeidh an úsáid deiridh comhoiriúnach le haon riosca.

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **TANC14** | A chinntiú go gcuirtear bearta oiriúnacha cosanta ithreach i gcrích más gá. Cuirfear imscrúduithe oiriúnacha agus cuí i gcrích i ndáil le nádúr agus méid aon éilliú ithreach agus screamhuisce agus na rioscaí a bhaineann leis an obair forbartha láithreáin ghaolmhar, sa chás go bhfuil sé beartaithe láithreáin athfhorbraíochta a fhorbairt. |

## 11.1.8 Cáilíocht an Uisce

Éilíonn folláine gheilleagrach, shóisialta agus timpeallachta Chontae Lú go mbeidh cáilíocht an uisce ag an gcaighdeán is airde agus is féidir. Cuimsítear anseo uisce dromchla, screamhuisce, uiscí inbhir agus cósta, atá riachtanach don bheatha agus, dá réir sin, ní mór iad a bhainistiú go cuí.

Tugtar le fios i *dTuarascáil Cháilíocht an Uisce in Éirinn EPA 2013-2018* a foilsíodh in 2019 as measc an 25 dobharlach abhann a ndearnadh faireachán orthu ag leibhéal an dobharcheantair i Lú, go raibh stádas éiceolaíoch 'Maith' luaite le hocht ndobharlach, go raibh stádas 'Measartha' luaite le 12 dhobharlach agus go raibh stádas 'Lag' luaite le 5 dhobharlach.

### 11.1.8.1 An Chreat-treoir Uisce

Is tionscnamh é an *Chreat-treoir Uisce* (WFD) a bhfuil sé mar aidhm léi cáilíocht uisce ar fud an Aontais Eorpaigh a fheabhsú. Glacadh leis an Treoir in 2000 a cheanglaíonn ar gach rialtas cur chuige nua a ghlacadh i ndáil lena gcuid uiscí a bhainistiú; aibhneacha, canálacha, lochanna, taiscumair, screamhuisce, limistéir chosanta (lena n-áirítear bogaigh agus éiceachórais uisceacha eile), inbhir (idirthréimhseach) agus uiscí cósta suas le 1 mhuirmhíle.

Ceanglaíonn an Treoir go mbeadh stádas dobharlach á rangú mar ard, maith, measartha, lag nó íseal agus tá an stádas á shainiú bunaithe ar bhitheolaíocht, ceimic, cainníocht agus moirfeolaíocht. Trí WFD cuimsítear gach treoir a bhaineann le cúrsaí uisce i gcreat amháin, lena n-áirítear iad siúd a dhéileálann le huisce snámha, uiscí a úsáidtear chun uisce óil a asbhaint, diúscairt fuíolluisce agus cosaint speiceas uisceach lena mbaineann tábhacht gheilleagrach (sliogiasc agus iasc fionnuisce).

Ceanglaíonn WFD go mbeadh tairbhe á baint as cur chuige comhtháite maidir le cáilíocht an uisce a bhainistiú ar bhonn abhantraí, agus é mar aidhm cáilíocht an uisce a chothabháil agus a fheabhsú. Ceanglaíonn WFD go mbeadh pleananna bainistíochta ullmhaithe ar bhonn abhantraí i dtimthriallta sé bliana agus sonraítear cur chuige struchtúrtha maidir le forbairt na bpleananna sin. Tá Éire tiomanta do na huiscí ar fad a bhainistiú trí phróiseas abhantraí, agus is é an Plean Bainistíochta Abhantraí an mheicníocht atá in úsáid chun é seo a chinntiú.

Tacaíonn an Chomhairle le forbairt Pleananna Cosanta Uisce Óil de réir cheanglais *WFD* agus timthriallta reatha agus todhchaí na bPleananna Bainistíochta Abhantraí (PBA). Chuige sin, tacaíonn an Chomhairle le bearta maolaithe agus cosanta le haghaidh gach limistéar cosanta, lena n-áirítear *Limistéir Chosanta Uisce Óil* agus *Pleananna Cosanta Foinse gaolmhara.*

### 11.1.8.2 Bainistíocht Abhantraí

Tá *Plean Bainistíochta Abhantraí (PBA) d'Éirinn 2018-2021* foilsithe ag an Rialtas.


Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

River Basin Management Plan for Ireland

2018 - 2021

Is é seo an dara PBA (clúdaíodh an tréimhse idir 2009–2015 sa chéad timthriall) agus déantar cur síos ann ar an gcur chuige nua a bheidh in úsáid in Éirinn fad is a bheidh iarrachtaí á ndéanamh aibhneacha, lochanna, inbhir agus uiscí cósta na tíre a chosaint as seo go ceann ceithre bliana. Sonraítear sa Phlean na gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm leo cáilíocht an uisce a fheabhsú agus stádas éiceolaíoch 'maith' a chinntiú i ndobharlaigh (aibhneacha, lochanna, inbhir agus uiscí cósta) faoin mbliain 2027.

Ceanglaítear ar Éirinn plean bainistíochta abhantraí a chur i dtoll a chéile faoin g*Creat-Treoir Uisce* (WFD). Tá formhór an Chontae (tuaisceart agus lár Lú den chuid is mó) laistigh de Cheantar Abhantraí Loch nEathach-na Banna, agus cuimsítear deisceart lú i gCeantar Abhantraí na hÉireann (Ceantar Abhantraí an Oirthir roimhe seo).

Tá Comhairle Contae Lú airdeallach ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige comhoibritheach i ndáil le bainistíocht dobharcheantair áitiúil, a chabhróidh le cur chun feidhme níos éifeachtaí CBAnna.

Is ionann cáilíocht an uisce i gContae Lú, lena n-áirítear uiscí dromchla agus screamhuisce, agus acmhainn thábhachtach éiceolaíoch, caitheamh aimsire, gheilleagrach, sláinte phoiblí agus aeistéitiúil. Tá infhaighteacht soláthar uisce óil riachtanach le haghaidh sláinte phoiblí agus le haghaidh forbairt gheilleagrach an Chontae.

Tá sé riachtanach, áfach, cothromaíocht a chinntiú idir an t-éileamh méadaithe ar uisce agus riachtanais na timpeallachta agus riachtanais na n-úsáideoirí reatha. Beidh fás daonra agus brú méadaithe le haghaidh forbairt nua mar bhonn leis an éileamh foriomlán ar uisce a mhéadú.

Tá Comhairle Contae Lú freagrach as na huiscí ar fad sa Chontae a chosaint.

Chomh maith leis sin, tá ról tábhachtach ag an gComhairle i gcosaint, cothabháil agus feabhsú cháilíocht an uisce trí fhorbairt a dhéanfar amach anseo a phleanáil agus a bhainistiú.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC15** | Na moltaí atá le fáil i *bPleananna Bainistíochta Ceantar Abhantraí d'Éirinn 2018-2021* nó in aon phlean a chuirtear i dtoll a chéile ina dhiaidh a chur chun feidhme. Ní bheidh tionchar do-ghlactha ag pleananna, cláir agus tionscadail bheartaithe ar an timpeallacht uisce, lena n-áirítear uiscí dromchla, cáilíocht agus cainníocht screamhuisce, conairí abhainn agus coillearnacha gaolmhara. Chomh maith leis sin, aird a thabhairt, más cuí, ar *Threoirdhoiciméad Comhstraitéise Cur Chun Feidhme Uimh. 20 agus Uimh. 36* ina soláthraítear treoir maidir le cuspóirí timpeallachta na *Creat-treorach Uisce.* |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC16** | Feasacht a mhéadú trí oideachas agus bealaí eile ionas go mbeidh an pobal ar an eolas faoin ngá agus faoin tábhacht a bhaineann leis na caighdeáin is airde cháilíocht an uisce agus is féidir a chothabháil. |

### 11.1.8.3 Screamhuisce

Is acmhainn thábhachtach é screamhuisce atá le húsáid i raon gníomhaíochtaí tráchtála. Is príomhacmhainn nádúrtha é screamhuisce ar ardchaighdeán, a chuireann le, go díreach agus go hindíreach, agus a chothaíonn éiceachórais thábhachtacha éagsúla.

Tá ceimic an screamhuisce ag athrú de shíor mar thoradh ar thionchar ghníomhaíocht an duine, bíodh na hathruithe sin ag tarlú mar gheall ar athrú ar shreabhadh screamhuisce, mar gheall ar asbhaint screamhuisce, nó mar gheall ar úsáid a bheith á baint as substaintí antrapaigineacha. Is fianaise é láithreacht substaintí antrapaigineacha amháin, e.g. hidreacarbóin nó lotnaidicídí, ar chur isteach ar dhálaí nádúrtha. Tá forbairtí áirithe ann, cosúil le talmhaíocht, mianadóireacht, diúscairt dramhaíola soladaí, tionscail, scéimeanna séarachais, dabhcha séarachais, iostaí stórála ceimiceán agus breoslaí, a d'fhéadfadh éilleáin a ghiniúint ar bagairt don screamhuisce iad. Is i bhfoirm cheimiceach agus/nó bhitheolaíoch a thugtar éilliú faoi deara.

Tá thart ar idir 6-8% de sholáthar uisce Lú ag teacht ó fhoinsí screamhuisce. Tá sé riachtanach go mbeadh an acmhainn seo á cosaint ag an gComhairle.

Is éard atá i gceist le scéimeanna cosanta screamhuisce tionscadail a chuireann Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (GSI) agus údaráis áitiúla i gcrích i gcomhpháirt lena chéile. Is é an aidhm atá le scéim cosanta screamhuisce inbhuanaitheacht cúltaiscí screamhuisce a chinntiú mar aon le ceanglais na dTreoracha maidir le Screamhuisce a chomhlíonadh.

Déanann EPA monatóireacht ar screamhuisce ag roinnt suíomhanna ar fud an Chontae.

Is grúpscéimeanna uisce príobháideacha iad seo. Tá Criosanna Cosanta Foinse Screamhuisce bunaithe ag roinnt suíomhanna ar fud an Chontae.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC17** | Na moltaí atá le fáil in aon Scéim Cosanta Screamhuisce atá ullmhaithe de réir Threoracha maidir le Screamhuisce an AE a chur chun feidhme chun acmhainní screamhuisce i gContae Lú a chosaint, mar aon le limistéir atá íogair ó thaobh cothaitheach de agus limistéir ainmnithe fás sliogéisc laistigh de Loch Cairlinn agus Cuan Dhún Dealgan. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC18** | Iascaigh a chosaint i ngach abhainn sa Chontae, más cuí, lena n-áirítear speicis ábhartha atá luaite in *Iarscríbhinn II den Treoir maidir le Gnáthóga.* |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC19** | Ceanglais na Scéime Cosanta Screamhuisce a chur chun feidhme chun cúltaiscí screamhuisce aitheanta agus poitéinsiúla a chosaint. |

### 11.1.8.4 Criosanna Leochaileacha Níotráite

Baineann an poitéinseal le gníomhaíochtaí talmhaíochta agus dramhaíl ginte óna leithéid de ghníomhaíochtaí, mura ndéantar a leithéid a bhainistiú go cuí, go háirithe i ndáil le stóráil agus bainistíocht dramhaíola agus bearta rialaithe fosfáite, tionchar a bheith acu ar an timpeallacht. Tugann I.R. Uimh. 605 de 2017, Rialacháin an AE maidir le Dea-chleachtas Talmhaíochta le haghaidh Chosaint Uiscí (2017) éifeacht do Chlár Gníomhaíochta Níótráite (NAP) na hÉireann chun uiscí a chosaint ó thruailliú a tharlaíonn mar thoradh ar fhoinsí talmhaíochta. Soláthraíonn an tacar beart sna rialacháin seo bunleibhéal cosanta i gcoinne iarmhairtí díobhálacha féideartha ar uiscí a eascraíonn as na spriocanna leathnaithe talmhaíochta.

Tá *An Treoir maidir le Níotráití (91/676/CEE)* i bhfeidhm ó 1991 agus is é aidhm na Treorach cáilíocht an uisce a chosaint ó thruailliú ó fhoinsí talmhaíochta agus tacú le húsáid a bhaint as dea-chleachtas feirmeoireachta. Ceanglaítear ar gach Ballstát den Aontas Eorpach Cláir Ghníomhaíochta Náisiúnta Níotráite (NAP) a ullmhú ina ndéantar cur síos ar na rialacha a bhaineann le bainistíocht agus úsáid aoileach beostoic agus leasachán eile. Tá NAP na hÉireann deartha chun truailliú screamhuiscí agus uisce dromchla ó fhoinsí talmhaíochta a chosc agus cáilíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú. Tháinig ceathrú NAP na hÉireann i bhfeidhm in 2017 agus déanfar athbhreithniú air in 2021.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC20** | A chinntiú go bhfuil forálacha na Treorach maidir le Níotráití á gcomhlíonadh agus á gcur chun feidhme a mhéid is a bhaineann le sainchúram na Comhairle é sin a dhéanamh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC21** | Measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí talmhaíochta agus ar cheisteanna gaolmhara a bhaineann le dramhaíl talmhaíochta laistigh den Chontae de réir *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-chleachtas Talmhaíochta le haghaidh Chosaint Uiscí) 2017* chun críche ábhar thruaillithe a bheith ag dul isteach in uiscí a chosc nó a dhíothú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC22** | Úsáid a bhaint as cleachtais feirmeoireachta dobharcheantar-íogaire a spreagadh, chun spriocanna na Creat-treorach uisce agus an Phlean Bainistíochta Abhantraí a chomhlíonadh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC23** | Forálacha ábhartha *na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 2) 2011,* agus *Rialachán na gComhphobal Eorpach (Leasú ar Phleanáil agus Forbairt) 2011* a chur chun feidhme, a cheanglaíonn nach mór cead pleanála a lorg sa chás go bhfuil an limistéar a bhfuil tionchar ag na hoibreacha air a bhaineann le draenáil nó míntíriú bogaigh níos mó ná 0.1 heicteár, nó sa chás go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag a leithéid sin d'oibreacha ar an timpeallacht. |

## 11.1.9 Bainistíocht Dramhaíola

### 11.1.9.1 Pleananna Réigiúnacha Bainistíochta Dramhaíola

Áirítear Réigiún Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre i measc ceann de thrí Réigiún Bainistíochta Dramhaíola na hÉireann. Cuimsítear sa réigiún 12 údarás áitiúla toghcheantair, lena n-áirítear Comhairle Contae Lú. Is é Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an príomhúdarás laistigh den Réigiún atá ag feidhmiú thar ceann na n-údarás eile agus is ann atá Oifig Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre (EMWRO) lonnaithe.

Is doiciméad reachtúil é *Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre*, atá ullmhaithe ag údaráis áitiúla an Réigiúin. Clúdaítear an tréimhse idir 2015 agus 2021 sa Phlean, agus ina dhiaidh sin athbhreithneofar an Plean nó forbrófar Plean eile.

Tá reachtaíocht dramhaíola Náisiúnta agus Eorpach mar bhonn leis an bPlean agus nuair a bheidh obair á cur i gcrích cinnteofar go mbeadh dramhaíl á bainistiú ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe. Tá ocht gCuspóir Straitéiseacha sa phlean agus trí sprioc uileghabhálacha:

- Laghdú 1% sa bhliain ar chaighdeán na dramhaíola tí atá á giniúint per capita;
- Diúscairt dhíreach dramhaíl chathrach neamhphróiseáilte chuig próisis réamhchóireála ardluacha agus cleachtais dhúchasacha aisghabhála a laghdú go dtí 0%; agus
- Beidh ráta athchúrsála 50% luaite le dramhaíl chathrach atá á bainistiú faoin mbliain 2020.



Sonraítear sa Phlean go mbeidh ról na n-údarás áitiúil i mbainistíocht dramhaíola amach anseo dírithe ar oideachas, cosc agus gníomhaíochtaí éifeachtúlachta acmhainní mar aon le sealbhóirí tí, gnóthaí agus oibritheoirí dramhaíola a rialú agus reachtaíocht dramhaíola a fhorfheidhmiú.

D'fhéadfaí go gcuimseofaí i mbonneagar uisce atá á chur ar fáil ag údaráis áitiúla ionaid *fág anseo* agus fóntais phobail den chuid is mó.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC24** | Forálacha *Phlean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre 2015-2021* nó aon phlean agus Treoracha/Beartais AE a thagann ina dhiaidh a chur chun feidhme agus tacú leis. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC25** | Tacú le forbairt ionad athchúrsála breise i gceantar Lár Lú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC26** | Soláthar saoráidí oiriúnacha aisghabhála agus diúscartha dramhaíola ag suíomhanna oiriúnacha a éascú, de réir mar is gá de réir cheanglais *'Phlean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre'* agus aon phleananna a thagann ina dhiaidh. |

## 11.2 Mórthionóiscí – Láithreáin Seveso

Trasuíonn Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhFuil Substaintí Contúirteacha i gCeist) 2006 Treoir SEVESO II 96/82/CE (a bhaineann le cosc mórthionóiscí ina bhfuil substaintí contúirteacha i gceist) go Dlí na hÉireann.

Is é atá mar aidhm leis an Treoir guaiseacha mórthionóiscí ina bhfuil substaintí contúirteacha i gceist a chosc agus srian a chur leis na hiarmhairtí atá acu ar dhaoine agus ar an timpeallacht. Cuirtear é seo i gcrích ar na bealaí seo a leanas:

- Láithreánú bunaíochtaí nua;
- Mionathruithe ar bhunaíochtaí reatha; agus
- Forbairt mórthimpeall ar bhunaíocht ar dócha, de bhua a chineáil nó a láithreánaithe, a chuirfidh leis an riosca nó leis an iarmhairt a bhainfidh le mórthionóisc.

Soláthraíonn an tÚdarás Sláinte & Sábháilteachta (HSA) comhairle d'Údaráis Phleanála i ndáil le hiarratais phleanála d'fhorbairt laistigh d'achar áirithe ó theorainn na láithreán seo. Sonraítear sa doiciméad dar teideal '*Beartas & Cur Chuige an Údaráis Sláinte & Sábháilteachta i ndáil le Pleanáil Talamhúsáide Rioscabhunaithe COMAH'*, beartas HSA maidir le ceanglais phleanála talamhúsáide Threoir 'Seveso' na hEorpa maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí.

Tá na láithreáin SEVESO atá le fáil i gContae Lú sainaitheanta i dTábla 11.1 thíos (mí na Samhna 2019) lena n-áirítear na hachair chomhairliúcháin a mholtar (i dteannta le HSA) a chur i bhfeidhm i ndáil leis na láithreáin seo.

**Tábla 11.1 Bunaíochtaí Fógartha Seveso**

| Bunaíocht | Sraith | Achar Comhairliúcháin |
|---|---|---|
| *Flogas Ireland Limited*, Bóthar an Mhéirse, Droichead Átha | Uachtar | 600 méadar |
| *BAK Bulk Services Red Barns*, Bóthar Dhroim Chora, Dún Léire | Íochtar | 400 méadar |
| *Cooley Distillery*, Baile na hAbhna, Cuaille | Íochtar | 400 méadar |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC27** | *Treoir SEVESO II* a chomhlíonadh i ndáil le riosca a laghdú agus srian a chur le hiarmhairtí poitéinsiúla mórthionóiscí tionsclaíocha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC28** | A chinntiú go ndírítear aird i mbeartais talamhúsáide ar an riachtanas a bhaineann le hachar cuí a choimeád idir bunaíochtaí guaiseacha mórthionóiscí todhchaíocha agus ceantair chónaithe, ceantair a mbaineann an pobal úsáid shuntasach astu agus ceantair lena mbaineann íogaireacht nádúrtha nó spéis ar leith. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC29** | Aird a thabhairt ar chomhairle HSA nuair atá tograí le haghaidh láithreán SEVESO nua, mionathruithe ar láithreán SEVESO reatha nó tograí le haghaidh forbartha á mbreithniú laistigh de chrios comhairliúcháin láithreán SEVESO (lena n-áirítear agus mar atá sonraithe i dTábla 11.1) |

## 11.3 SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA

Cuireann an Rannóg Seirbhísí Tréidliachta raon dualgas i gcrích lena n-áirítear sláinte phoiblí tréidliachta agus rialú & leas ainmhithe. Cuirtear na dualgais seo i gcrích i gcomhpháirt le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI), an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM).

Soláthraíonn Comhairle Contae Lú dualgais sábháilteachta bia de réir conradh seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Tá Oifigeach Tréidliachta an Chontae agus 'Cigire Tréidliachta Sealadach' (TVI) freagrach as iniúchadh agus as maoirseacht a dhéanamh ar sheamlas Lú agus monarchana déantúsaíochta beaga feola.

Tá an rannóg rialaithe & leas ainmhithe i mbun compún ainmhithe a rith i Droim Ineasclainn, Co. Lú.

Sa chompún seo tá cróite laistigh, aonair agus téite, áit a bhfuil gníomhaíochtaí na rannóige faoi *Acht um Rialú Madraí 1986* á gcur i gcrích, agus tá ceithre stábla ann freisin le haghaidh ainmhithe níos mó a bhfuil aire á tabhairt dóibh faoi *Acht um Rialú Capall 1996 nó Acht na nAinmhithe 1985*.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC30** | Tacú le cur chun feidhme fheidhmeanna tréidliachta na Comhairle i gcomhpháirt le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI), an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM). |

## 11.4 Acmhainní Nádúrtha

Tá roinnt acmhainní nádúrtha le fáil sa Chontae a chuireann le creatlach shóisialta agus gheilleagrach an Chontae. Cabhróidh forbairt inbhuanaithe leanúnach na n-acmhainní seo ag suíomhanna oiriúnacha le geilleagar an Chontae a éagsúlú agus a neartú. Tá gá le cur chuige cothrom i dteannta le beartais oiriúnacha le haghaidh fás agus forbairt na n-acmhainní seo agus a chinntiú ag an am céanna go bhfuil an tionchar díobhálach ar an timpeallacht á íoslaghdú.

### 11.4.1 Foraoiseacht

Soláthraíonn foraoisí agus coillearnacha buntáistí tábhachtacha sóisialta, geilleagracha agus timpeallachta. Is acmhainn thábhachtach nádúrtha agus athnuaite í foraoiseacht a bhfuil ról suntasach aici i bhforbairt tuaithe inbhuanaithe. Chomh maith leis sin, is scagairí truaillithe agus linnte carbóin tábhachtacha iad foraoisí agus tá príomhról acu i ndáil le cabhrú le gníomhú ar son na haeráide.

I dteannta le buntáistí díreacha an phlandaithe, i gcomhthéacs barr agus fostaíochta atá tábhachtach, tá tionchar tábhachtach ag foraoiseacht ar gheilleagar tuaithe trí fhorbairt tionscal gaolmhar, deiseanna a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh sa cheantar áitiúil mar aon le deiseanna turasóireachta a chruthú faoin tuath. In 2016, bhí breis is 5,900 duine fostaithe san earnáil foraoiseachta nó i mbun lománaíochta nó déantúsaíochta adhmaid agus in earnáil na dtáirgí adhmaid (CSO). In 2018, bhí luach €450 milliún, méadú 8.7% i gcomparáid le 2017, luaite le heaspórtálacha táirgí foraoiseachta ó Phoblacht na hÉireann. Is taiscumar tábhachtach carbóin é an t-eastát foraoise náisiúnta, a chruthaigh 311.7 milliún tona carbóin in 2017.

Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) freagrach as forbairt na foraoiseachta in Éirinn a chinntiú ar bhealach agus ag scála a bhaineann an méid tairbhe agus is féidir as an tslí a bhfuil sé ag cur le folláin shocheacnamaíoch náisiúnta ar bhonn inbhuanaithe atá comhoiriúnach le cosaint na timpeallachta.

D'fhoilsigh an Roinn beartas foraoiseachta in 2014, *'Foraoisí, Táirgí agus Daoine - Beartas Foraoiseachta na hÉireann - Fís Athnuaite'*, ina sonraítear beartas an Rialtais le haghaidh na hearnála seo.




Sonraítear sa doiciméad beartais seo cuspóir straitéiseach chun earnáil foraoiseachta atá iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta agus inbhuanaithe a sholáthraíonn raon iomlán buntáistí geilleagracha, timpeallachta agus sóisialta don tsochaí a fhorbairt agus atá ag teacht le sainmhíniú 'Foraoisí san Eoraip' ar bhainistíocht inbhuanaithe foraoise.

Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh DoAFM *'Staitisticí Foraoise na hÉireann 2019'*. Tugtar le fios sa tuarascáil seo go gcuimsítear i gcumhdach talún Chontae Lú thart ar 2.9% de chumhdach foraoise, atá go maith faoi bhun an mheánfhigiúir náisiúnta.

Tá na limistéir is suntasaí foraoise atá faoi úinéireacht phoiblí le fáil i bhForaois Ghleann na bhFiach agus i gCoillte Shliabh Feá i dtuaisceart an Chontae agus i Halla an Toinlígh i ndeisceart an Chontae. Chomh maith leis sin, tá foraoisí suntasacha faoi úinéireacht phríobháideach le fáil i gCollann, Mol Áirí agus Baile Sheinicín. Is é Foraois Ghleann na bhFiach an ceantar ina bhfuil an clúdach is troime foraoise sa Chontae. Tá léargas le fáil i bhFigiúr 11.2 ar an méid foraoisí atá le fáil laistigh de Chontae Lú (2017).


Spreagtar foraoisí a bhunú i limistéir oiriúnacha, áit nach mbeidh tionchar suntasach ag a leithéid ar ghnáthóga ainmhithe, seandálaíocht, áit nach gcuirfear isteach ar limistéir ardscéimhe, radhairc chosanta nó bealaí sárscéimhe, áit nach mbeidh a leithéid feiceálach sa tírdhreach nó nach gcruthófar baol d'éiceachórais íogaire nó do cháilíocht an uisce. Is é atá mar aidhm leis an bPlean tacú le fás inbhuanaithe na foraoiseachta mar ghníomhaíocht gheilleagrach agus ag an am céanna an oiread tacaíochta agus is féidir a chur ar fáil don timpeallacht agus don tírdhreach tuaithe.

Tagraítear sa Phlean seo don phoitéinseal turasóireachta agus taitneamhachta a bhaineann le tailte foraoisithe. Spreagfaidh an Chomhairle rochtain phoiblí ar fhoraoisí nua a sholáthar trí chosáin siúil agus sriain, limistéir caitheamh aimsire agus áiseanna cosúla eile.

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **TANC31** | Tacú le beartas Náisiúnta a bhaineann le foraoiseacht chun earnáil foraoiseachta atá iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta agus inbhuanaithe a sholáthraíonn raon iomlán buntáistí geilleagracha, timpeallachta agus sóisialta don tsochaí, faoi réir na ngnáthchritéar pleanála. |

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **TANC32** | Forbairt earnáil foraoiseachta dea-bhainistithe a spreagadh, atá comhoiriúnach le cosaint na timpeallachta lena n-áirítear éifeachtaí suntasacha dóchúla ar láithreáin Eorpacha (SACanna agus SPAnna) agus atá plandaithe, bainistithe agus saothraithe de réir *Threoirlínte na Seirbhíse Foraoiseachta maidir leis an Tírdhreach, Saothrú Foraoiseachta agus Caighdeán Timpeallachta, Seandálaíochta, Bithéagsúlachta agus Uisce'* agus aon treoirlínte a fhorbraítear ina ndiaidh. |

**Figiúr 11.2 Cumhdach Foraoise laistigh de Chontae Lú**



| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC33** | Forbairt foraoiseachta agus forbairt ghaolmhar a spreagadh mar bhealach chun éagsúlú a chinntiú ó ghníomhaíocht thraidisiúnta talmhaíochta atá ag tabhairt tús áite do speicis dhúchasacha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC34** | Rochtain ar fhoraoisí agus ar choillearnacha a spreagadh, lena n-áirítear foraoisí príobháideacha, i gcomhar le páirtithe leasmhara, bealaí siúil, cosáin sriain, rothaíocht sléibhe, siúlóidí dúlra, treodóireacht, fánaíocht, limistéir caitheamh aimsire agus áiseanna cosúla eile. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC35** | Seachaint dífhoraoisithe nó foraoisiú tráchtála laistigh de láithreáin Eorpacha a spreagadh mura mbaineann a leithéid go díreach le bainistiú an láithreáin ar mhaithe lena leasanna cáilitheacha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC36** | Tacú le forbairt turasóireachta oiriúnach agus inbhuanaithe laistigh de shuíomhanna foraoiseachta, agus ag an am céanna brat crann oiriúnach a choimeád sa cheantar trí chéile. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC37** | Breithniú a dhéanamh ar chaomhnú aon chrainn, crann nó grúpaí crann nó coillearnach lena mbaineann luach speisialta taitneamhachta nó timpeallachta trí úsáid a bhaint as Orduithe Caomhnaithe Crann. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC38** | Sraitheanna suntasacha crann/fálta/coillearnach reatha a choimeád, agus iarracht a dhéanamh níos mó crann dúchasach a chur, más cuí, i bhforbairtí nua. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC39** | Fálta reatha i bhforbairtí nua a chosaint agus a chaomhnú, go háirithe cois bóthair agus i bhfálta ag teorainneacha bailte ina bhfuil go leor speiceas a chosaint agus a chaomhnú, agus sa chás gur gá iad a bhaint i rith oibreacha bóthair nó oibreacha eile, iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil fálta sceach nua de speicis dhúchasacha a fhásann sa cheantar go nádúrtha a chur ina n-áit. |

### 11.4.1.1 Ceapadh Carbóin

Glactar leis an méadú ar gháis ceaptha teasa, go háirithe dé-ocsaíd charbóin, san atmaisféar mar cheann de na príomhchúiseanna atá le téamh domhanda. Tá méideanna móra de dhé-ocsaíd charbóin á gcruthú mar thoradh ar ghníomhaíocht dhaonna.

Tá tionchar chomh maith céanna ag athruithe talamhúsáide cosúil le dúshaothrú inbhuanaithe agus scriosadh foraoisí trópaiceacha.

Tá ról tábhachtach ag crainn agus ag coillearnacha i ndé-ocsaíd charbóin a bhaint ón atmaisféar.

Trí phróiseas bithcheimiceach na fótaisintéise, ionsúnn crainn dé-ocsaíd charbóin agus stóráiltear é mar charbón sa stoc, sna géaga, sna duilleoga agus sna fréamhacha. Chomh maith leis sin, stóráiltear carbón san ithir agus go deimhin is linn shuntasach é seo le haghaidh carbóin san fhoraois.

Scaoiltear $CO_2$ ar ais san atmaisféar nuair a lobhann ábhar orgánach, agus má tá na foraoisí á mbainistiú go hinbhuanaithe, ionsúnn crainn athsholáthair é, rud a chiallaíonn go bhfuil cothromaíocht á cinntiú sa bhuiséad carbóin.

Is féidir moill a chur ar scaoileadh $CO_2$, áfach, trí chrainn a bhaint de réir mar a théann siad in aibíocht má úsáidtear an t-adhmad le haghaidh obair tógála, troscáin agus úsáidí deiridh eile a chuireann lena shaolré.



Tá foraoiseacht inbhuanaithe ag cur ar bhealach dearfach le ceapadh carbóin agus is uirlis bhainistíochta tábhachtach é i gcomhthéacs an athraithe aeráide a chomhrac. Cuirtear tábhacht foraoisí mar linnte carbóin san áireamh i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil sé mar aidhm leo astaíochtaí carbóin a rialú.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC40** | De réir *Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019* (nó aon phlean a thagann ina dhiaidh), tacóidh Comhairle Contae Lú le forbairt inbhuanaithe foraoiseachta ag scála cuí laistigh den Chontae chun déileáil go díreach le gníomhú ar son na haeráide trí cheapadh carbóin agus go hindíreach trí dhíláithriú breosla iontaise. |

## 11.4.2 Tionscal Eastóscach

Tá an méid seo a leanas sonraithe sa Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF), 'leanfar le heastóscadh comhbhailiúchán agus mianraí a chumasú sa chás go bhfuil a leithéid comhoiriúnach le cosaint na timpeallachta i dtéarmaí chaighdeán an aeir agus an uisce, oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha, caighdeán saoil cónaitheoirí sa cheantar, agus sa chás go dtugtar aird ar athshlánú oiriúnach láithreáin'.

Chomh maith leis sin, sonraítear an méid seo a leanas sa Chreat Náisiúnta Pleanála, 'beidh ról lárnach ag an bpróiseas pleanála i bpoitéinseal earnáil na dtionscal eastóscach trí chúltaiscí tábhachtacha comhbhailiúchán agus mianraí ó fhorbairt a shainaithint agus a chosaint a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh den úsáid a bhaintear astu'.

Tá acmhainní nádúrtha éagsúla le fáil i gContae Lú cosúil le hamhábhair a theastaíonn ón tionscal tógála, cúltaiscí gainimh, gairbhéil agus cloiche ina measc, agus tá cúltaiscí suntasacha gainimh a úsáidtear sa tionscal tógála le fáil i gceantar Chuaille.

Tá an Chomhairle airdeallach ar an ngá atá le tionscail eastóscacha chomh fada is a bhaineann le hábhair chomhiomlána a chur ar fáil don earnáil tógála.

Tá soláthar leanúnach ábhar comhiomlán, lena n-áirítear ábhar tógála agus scartála athchúrsáilte riachtanach le haghaidh fás geilleagrach leanúnach; dlúthriachtanas le haghaidh chur chun feidhme an Chreata Náisiúnta Pleanála agus forbairt na hearnála príobháidí.

Tá cúltaiscí d'ábhar oiriúnach finideach agus ní féidir eastóscadh a dhéanamh ach in áiteanna ina bhfuil na cúltaiscí seo le fáil. Ní mór breithniú cúramach a dhéanamh, áfach, ar an bpoitéinseal a bhaineann le coinbhleacht idir oibriú na dtionscal seo agus saincheisteanna timpeallachta níos ginearálta.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag oibreacha eastósctha cairéil agus gníomhaíochtaí coimhdeacha ar an timpeallacht (e.g. torann, deannach, tonnchrith, cur isteach físiúil, cur isteach hidreolaíoch, truailliú uisce, caillteanas nó ilroinnt gnáthóg, giniúint tráchta, tionchar díobhálach ar an ngréasán bóithre agus tionchair sheandálaíochta). In imthosca áirithe d'fhéadfadh cairéil dul chun tairbhe na timpeallachta, go háirithe ag an gcéim díchoimisiúnaithe nuair a d'fhéadfadh deiseanna le haghaidh cruthú gnáthóg agus úsáidí malartacha a bheith i gceist.

Tuigeann Comhairle Contae Lú go bhfuil gá le cothromaíocht shásúil idir riachtanais an tionscail tógála agus an gá atá leis an timpeallacht a chosaint. Deis ba ea *Alt 261A d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú),* d'Údaráis Áitiúla an tionscal cairéal a rialú, agus a chinntiú go raibh Reachtaíocht Pleanála, an Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus an Treoir maidir le Gnáthóga á gcomhlíonadh. Tá 12 chairéal ar fad cláraithe i gCo. Lú.

Déanfar oiriúnacht aon fhiontair eastósctha a mheas bunaithe ar íogaireacht na timpeallachta áitiúla do thionchair den chineál sin, scála na forbartha beartaithe agus acmhainn an ghréasáin bóithre sa cheantar freastal ar an trácht gaolmhar.

Is é beartas na Comhairle a chinntiú nach mbeidh na hoibreacha eastósctha a bheidh mar bhonn le laghdú ar líon na gceantar taitneamhachta amhairc ardscéimhe nó damáiste do cheantair lena mbaineann tábhacht eolaíochta nó suntas geolaíoch, luibeolaíoch, zó-eolaíoch agus suntas nádúrtha eile lena n-áirítear gach Láithreán Eorpach ainmnithe á gceadú.

Tá léargas le fáil i Mapáil Phoitéinseal Ábhar Comhiomlán Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (GSI) ar shil-leagain phoitéinsiúla carraig bhrúite agus gainimh agus gairbhéil. Go ginearálta, tá na ceantair lena mbaineann poitéinseal ard nó an-ard le haghaidh sil-leagan carraig bhrúite le fáil i Leithinis Chuaille, ach tá ceantar idir Collann agus Ceann Chlochair sainaitheanta mar cheantar lena mbaineann poitéinseal ard freisin.

Tuigeann Comhairle Contae Lú go mbaineann tábhacht ar leith leis na ceantair seo (go háirithe Leithinis Chuaille agus Mainistir Bhuithe) i ndáil le luach timpeallachta, seandálaíochta agus stairiúil. Dá réir sin, breithneofar iarratais ar eastóscadh mianraí bunaithe ar a bhfiúntais i dtéarmaí an phoitéinsil a bhaineann le tionchair ar an timpeallacht agus pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair. Mar chuid den phróiseas measúnaithe, tabharfar aird chuí ar fhoilseachán na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil dar teideal (DEHLG), *"Treoirlínte Cairéil agus Gníomhaíocht Choimhdeach" (2004).*

Lena chois sin, déanfar tograí a scagadh le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) agus Measúnacht Chuí (MC) de réir na ndoiciméad reatha dea-chleachtais agus treorach.

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **TANC41** | D'fhonn a chinntiú go bhfuil ceanglais an doiciméid dar teideal *Saoráidí Cairéil agus Coimhdeacha – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála, (DECLG) 2004* nó aon doiciméad athsholáthair á gcomhlíonadh ag gach cairéal reatha agus beartaithe agus chun plean saolré uile a fhorbairt le haghaidh suíomh eastóscach, lena n-áirítear plean feabhsúcháin iardhúnta. |

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **TANC42** | Dóthain soláthairtí d'acmhainní ábhar comhiomlán a éascú chun freastal ar riachtanais fáis an Chontae amach anseo agus an réigiúin trí chéile agus ag an am céanna díriú ar na príomhthionchair timpeallachta, tráchta agus shóisialta agus ar na mionsonraí athshlánúcháin. |

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **TANC43** | Cosc a chur ar fhorbairt a chuirfeadh bac ar athshlánú éifeachtúil nó éifeachtach acmhainní ábhar comhiomlán an Chontae. |

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **TANC44** | A chinntiú nach bhfuil tionchar díobhálach ag forbairtí eastóscacha ar chaighdeán na timpeallachta, lena n-áirítear caighdeán an uisce, luach turasóireachta, bonneagar reatha, taitneamhacht chónaithe nó luach taitneamhachta na dtailte in aice láimhe. |

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **TANC45** | A chinntiú go bhfuil eastóscadh cloch agus ábhar mianraí á dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe agus nach mbíonn tionchar suntasach ag a leithéid ar na réimsí seo a leanas:<br>• Láithreáin Eorpacha reatha agus bheartaithe;<br>• Réimsí eile atá tábhachtach i ndáil le caomhnú flóra agus fána;<br>• Limistéir lena mbaineann poitéinseal seandálaíoch suntasach;<br>• I gcomharsanacht séadchomhartha taifeadta;<br>• Láithreán Geolaíoch Contae (LGC);<br>• Tírdhreacha Íogaire;<br>• Láithreáin Oidhreachta Domhanda; nó<br>• Láithreáin Oidhreachta Domhanda Sealadacha. |

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **TANC46** | A chinntiú go n-íoslaghdaíonn forbairtí a bhaineann leis an tionscal eastóscach tionchair dhíobhálacha ar an ngréasán bóithre sa cheantar agus go bhfuil costas iomlán na n-oibreacha feabhsuithe bóthair, lena n-áirítear i rith oibríochtaí agus ag am críochnaithe, a bhí riachtanach chun a leithéid sin d'fhorbairt a éascú, á n-íoc ag an tionscal eastóscach. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC47** | Aon iarratas ar fhorbairt a chur faoi bhráid Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, sa chás go mbaineann a leithéid le heastóscadh mianraí, forbairtí/síntí cairéalaithe agus aon fhorbairt a áirítear inti tochailtí a bhfuil toirt níos mó ná 50,000m³ luaite leo nó a bhfuil achar níos mó ná aon heicteár amháin i gceist leo. |

## 11.5 An Cósta

### 11.5.1 Réamhrá

Síneann Cósta Lú feadh achar breis is 70 ciliméadar ó Phort Dhroichead Átha i ndeisceart an Chontae chomh fada le cósta Chairlinn agus Ó Méith feadh Loch Cairlinn.

Go ginearálta, baineann tábhacht ar leith le cósta na hÉireann ní hamháin mar gheall ar a áilleacht nádúrtha, ach mar gheall ar an suntas eolaíochta a bhaineann leis, a ghnáthóga fiadhúlra agus deiseanna caitheamh aimsire. Baineann luach geilleagrach suntasach leis an gcósta agus is ann atá calafoirt agus go leor dár bpríomhcheantair uirbeacha agus dár dtionscail lonnaithe.

Tá an tsochaí mar bhonn le héilimh shuntasacha a bheith á gcur ar na ceantair chósta. Anuas ar thionchar an duine, tá an cósta ag athrú go leanúnach mar thoradh ar phróisis nádúrtha dhinimiciúla.

Baineann luach intreach suntasach agus taitneamhachta speisialta le cósta Lú agus tá gnáthóga nádúrtha éagsúla lonnaithe ann, agus tá ainmniúcháin Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) luaite le go leor den chósta. Go ginearálta, is éard atá i gceist le Crios an Chósta an limistéar idir Líne Bharr Láin agus an bóthar leanúnach is cóngaraí.

Is acmhainní geilleagracha tábhachtacha don earnáil turasóireachta go háirithe iad acmhainní nádúrtha an chósta.

Chomh maith leis sin, is acmhainní taitneamhachta luachmhara iad lena mbaineann tábhacht shuntasach mar áiseanna caitheamh aimsire mar aon le buntáistí sláinte poiblí. Is tránna ardluacha ag a bhfuil Bratacha Gorma iad An Port/An Lorgain Bhuí, Ceann Chlochair, agus Cnoc na Cáithe/baile an Teampaill, lena mbaineann poitéinseal suntasach turasóireachta. Bronnadh gradam Cósta Glas ar thrá Rinn na Mara, Tearmann Feichín freisin in 2020 mar aitheantas ar chaighdeán ard na timpeallachta.



Chomh maith leis sin, tá láithreáin lena mbaineann suntas geilleagrach le fáil ar an gcósta, lena n-áirítear calafoirt ag Droichead Átha, An Grianfort, Dún Dealgan agus Ceann Chlochair. Is é Port Dhroichead Átha ceann de na poirt ilchóracha iompair is fearr in Éirinn, port atá suite go straitéiseach ar chósta an oirthir agus a bhfuil rochtain dhíreach mótarbhealaigh aige chuig príomhionaid thionsclaíocha agus tráchtála na tíre.

Soláthraíonn na huiscí amach ó Chontae Lú acmhainn thábhachtach, a thacaíonn le agus a chruthaíonn gníomhaíochtaí fostaíochta agus caitheamh aimsire.

Ach tá an cósta seo soghabhálach i leith brú forbartha, a bhfuil an poitéinseal aige leathnú chuig suíomhanna íogaire agus a bheith mar bhonn le truailliú.

### 11.5.2 Cosaint an Chósta a Athrú

I mí Meithimh 2019, sheol an Rialtas *dréacht-Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mhuirí (MPPS).* Sonraítear i MPPS clár d'athchóiriú reachtach a bhfuil sé mar aidhm leis córas pleanála muirí na hÉireann a nuachóiriú. Is é an aidhm atá le hathchóiriú reachtach an próiseas pleanála a bhaineann leis an limistéar muirí a réasúnú agus córas pleanála oiriúnach a sholáthar d'fhorbairt inbhuanaithe na timpeallachta muirí.

Tá an próiseas pleanála atá ann faoi láthair sách casta agus teastaíonn cead ó roinnt comhlachtaí difriúla. Tá go leor d'athchóiriú na pleanála muirí bunaithe ar *Threoir na hEorpa maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí (Treoir 2014/89/AE)* ina sonraítear Márta 2021 mar an dáta ar cheart do bhallstáit Plean Spásúil Mhuirí (MSP) a bheith bunaithe acu. De réir Rannóg 5.10 den Phlean seo, nuair a bheidh an Plean Spásúil Mhuirí ullmhaithe cinnteoidh an Chomhairle go bhfuil ailíniú agus comhsheasmhacht idir talamhúsáid agus pleanáil aigéanbhunaithe. Cuimsítear sa chlár athchóirithe beartaithe *An Bille um Pleanáil agus Bainistíocht Forbartha Mara 2019*. Is fianaise é *An Bille um Pleanáil agus Bainistíocht Forbartha Mara 2019* ar athrú suntasach ar an bpróiseas toilithe a bhaineann le forbairtí muirí.

Leasóidh an Bille an tAcht Imeall Trá reatha agus cruthófar réimse rialála nua agus réimeas toilithe nua aonair don stát a chuimseoidh an limistéar muirí ar fad.

Leathnófar an próiseas bainistíochta forbartha chun crios geilleagrach eisiach na hÉireann agus an scairbh ilchríochach a chur san áireamh.

Chomh maith leis sin, bunóidh an Bille bonn dlí do An Bord Pleanála agus d'údaráis áitiúla cósta chun toiliú d'fhorbairt sa limistéar muirí, agus ag an am céanna coimeádfar na forálacha reatha a bhaineann le himeall trá agus cead pleanála le haghaidh forbairt dobharshaothraithe agus iascaigh mhara. Foráiltear sa Bhille le haghaidh Measúnú Tionchair Timpeallachta (MTT) aonair agus Measúnacht Chuí (MC) aonair, más cuí.

Beidh Bille 2019 mar bhonn leis an méid seo a leanas:

- Cumhacht a thabhairt don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun treoirlínte reachtúla pleanála muirí a eisiúint (comhthreomhar leis na treoirlínte pleanála reachtúla a eisíodh faoi Alt 28 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000);
- Bonn reachtúil feabhsaithe a sholáthar le haghaidh pleanáil chun cinn muirí; córas toilithe aonair don Stát a bhunú le haghaidh an limistéir mhuirí le haghaidh cineálacha áirithe tionscadal;
- Deireadh a chur leis an dúbailt atá ann faoi láthair a chiallaíonn go bhfuil roinnt cineálacha forbairtí (e.g. feirmeacha gaoithe) á meas faoi na córais imeall trá agus faoi na córais phleanála; agus
- Próiseas bainistíochta aonair a bhunú le haghaidh cineálacha áirithe tionscadail (lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta).

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC48** | Beartais agus cuspóirí atá sonraithe sa *Phlean Náisiúnta Spásúil Mhuirí* chun tacú le bainistíocht éifeachtach gníomhaíochtaí muirí agus úsáid níos inbhuanaithe ár n-acmhainní muirí. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC49** | Tacú agus freastal ar aon athrú ar an gcóras pleanála spásúil mhuirí atá beartaithe faoi *An Bille um Pleanáil agus Bainistíocht Forbartha Mara 2019* (nó aon Bhille ina dhiaidh) nuair a bheidh sé achtaithe sa dlí. |

### 11.5.2.1 - Bainistiú Comhtháite na gCriosanna Cósta (BCCC)

Soláthraíonn BCCC uirlis le haghaidh bainistiú comhtháite gach próiseas beartais a bhfuil tionchar aige ar an gcrios cósta, déileálann sé le hidirghníomhaíochtaí idir talamh-muir gníomhaíochtaí cósta ar bhealach comhordaithe agus é mar aidhm forbairt inbhuanaithe na limistéar cósta agus muirí a chinntiú. Déileálfaidh BCCC le saincheisteanna cosúil le forbairt turasóireachta cósta, an tionscal iascaireachta, patrúin lonnaíochta cósta, iompar, creimeadh cósta, scriosadh gnáthóg, cosaint SACanna agus SPAnna na gcriosanna cósta agus truailliú a chosc.

## 11.5.3 Cosaint an Chósta agus Tuilte

Dá nádúr, tá an timpeallacht chósta dinimiciúil agus faoi réir próiseas nádúrtha leanúnach de chreimeadh agus sil-leagan. Ainneoin gur gnáthrud é creimeadh i gceantair chósta, d'fhéadfaí dlús a chur le rátaí creimthe mar gheall ar ghníomhaíocht stoirme, forbairt mhíchuí, brú ó ghníomhaíochtaí fóillíochta nó caitheamh aimsire nó láithreacht oibreacha cosanta de dhéantús an duine.



Bhí patrúin athraitheacha aimsire feadh chósta na hÉireann ag cur le fadhb an chreimthe chósta le blianta beaga anuas. Tá déine agus minicíocht na stoirmeacha geimhridh ag dul i méid go tapa.

Ní hamháin go mbíonn na stoirmeacha seo mar bhonn le creimeadh an chósta, déanann siad damáiste struchtúrtha a chosnaíonn na milliúin euro agus tarlaíonn tuilte agus déantar damáiste d'árthaí agus d'oibríochtaí iascaireachta dá mbarr freisin. Tugtar le fios in athruithe cósta, atá bunaithe ar shonraí satailíte, atá curtha i dtoll a chéile ag Coimisiún na hEorpa (Gnóthaí Muirí) go bhfuil creimeadh cósta ag tarlú ar stráicí móra de chósta Lú. Léirítear i bhFigiúr 11.3 na stráicí de chósta Lú atá ag déileáil le héifeachtaí an chreimthe chósta agus is léargas úsáideach atá ann freisin ar cheann de na héifeachtaí is soiléire den athrú aeráide.

Is téama lárnach de *Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019-2024* le haghaidh Chontae Lú é bainistíocht tuilte, agus tá cuspóir uileghabhálach ag an Straitéis seo .i. an riosca tuilte a bhainistiú trí fhreagairtí éagsúla.

Ag leibhéal Náisiúnta, choimisiúnaigh Oifig na nOibreacha Poiblí *Staidéar ar Straitéis Cosanta Cósta na hÉireann* (ICPSS) in 2003, doiciméad atá nuashonraithe roinnt uaireanta le haghaidh réigiún an Oirthuaiscirt. Sainaithnítear sa staidéar seo suíomhanna feadh chósta an oirthuaiscirt atá i mbaol tuilte cósta agus creimeadh cósta.

I bhfianaise na bagartha atá á cruthú ag creimeadh cósta don tsochaí agus don gheilleagar, tá roinnt beart coisctheach curtha i bhfeidhm.

Is féidir na bearta seo a roinnt in dhá chatagóir; crua agus bog. Go ginearálta úsáideann boginnealtóireacht gnáthóga agus fásra reatha cosúil le tránna, riasca goirt, réileáin láibe agus dumhcha gainimh chun an comhéadan idir an talamh-an fharraige a bhogadh agus ag an am céanna sláine líne an chladaigh a chothabháil.

Go hiondúil is éard atá i gceist le crua-innealtóireacht ballaí mara agus/nó gradhana a thógáil. Feidhmíonn ballaí mara mar bhacainn fhrithsheasmhach fhisiciúil i gcoinne gníomhaíocht tonnta agus stoirme, a d'fhéadfadh an bhagairt do cheantair chósta a laghdú go suntasach.

Tá sé costasach ballaí mara a thógáil, áfach, agus go hiondúil ní úsáidtear iad ach in áiteanna ina bhfuil costas na tógála níos ísle ná costas damáiste nó caillteanas féideartha do mhaoin. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh ballaí mara mar bhonn le saincheisteanna fadtéarmacha a chruthú, cosúil le laghdú fuillimh i gceantair chósta eile trí dhríodair a choinneáil uathu a bheadh ar fáil mar tháirgí creimthe roimhe sin.

Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Lú oibreacha cosanta cósta a dhéanamh ag dhá shuíomh laistigh de cheantar Chuan Dhún Dealgan, ag Bruach na Mara, thart ar 2km soir ó shráidbhaile Bhaile an Ghearlánaigh agus ag Baile an tSalainn, thart ar 2km ar an taobh thoir theas de shráidbhaile Áth na gCasán.


Cuimseofar sna hoibreacha seo armúr carraige a leagan chun balla claonta d'armúr carraige comhthrasnach a fhorbairt mar mhodh muirchosanta.

Tá creimeadh cósta nasctha go dlúth le tuilte cosanta de bhrí go bhféadfadh caillteanas cosaintí cósta nádúrtha mar thoradh ar chreimeadh cur leis an mbaol tuilte i gceantair chósta. Tá ceantair i gContae Lú leochaileach do thuilte agus d'fhéadfaí cur leis an leochaileacht seo mar thoradh ar athruithe a bhaineann le téamh domhanda cosúil le níos mó dianteagmhas báistí, ardú leibhéal na farraige, minicíocht mhéadaithe stoirme agus tuilte gaolmhara (Féach ar Mhapaí an Mheasúnaithe Riosca i gcás Tuilte in Imleabhar 5).

Cuireann dálaí áitiúla cosúil le tailte ísle agus draenáil mhall uisce dromchla leis an mbaol tuilte. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh gníomhaíochtaí an duine cur leis an riosca seo, gníomhaíochtaí cosúil le fásra nádúrtha a ghlanadh chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí talmhaíochta, draenáil/athshlánú portach agus bogach, forbairt lonnaíochtaí i dtuilemhánna abhann agus cósta ísle nó creimneacha mar aon le patrúin aimsire athraitheacha. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh forbairt bonneagair nach bhfuil pleanáilte i gceist, oibríochtaí foraoiseachta agus forbairt uirbeach sa tuilemhá, mar shampla, a bheith mar bhonn le guaiseacha tuilte, creimeadh/ tuilte cósta agus caillteanas gnáthóg.

Tá eolas le fáil i SFRA Chontae Lú (SFRA Chéim a 1 lena n-áirítear mapaí tuilte) atá le fáil laistigh de dhoiciméid tacaíochta an Phlean seo, maidir leis na táscairí éagsúla a bhaineann le baol tuilte laistigh den Chontae.

**Figiúr 11.3: Creimeadh Cósta feadh Chósta Lú**




**Foinse: *European Atlas of the Seas* (2019)**

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **TANC50** | A cheangal go soláthraítear Tuarascáil Mheasúnaithe maidir le Creimeadh Cósta le haghaidh gach forbairt bheartaithe laistigh de 100m ó chósta Lú, lasmuigh de na príomhlonnaíochtaí (Leibhéal 1-4). Beidh cosc ar fhorbairtí nua, mura féidir a bhunú go hoibiachtúil, bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíochta is fearr atá ar fáil tráth déanta an iarratais, go bhfuil an seans go dtarlóidh creimeadh ag suíomh sonrach íseal ag cur, inter alia, aon tionchair san áireamh. |

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **TANC51** | Aitheantas a thabhairt do choincheap na héabhlóide cósta agus tuilte abhann mar chuid dár dtimpeallacht fhisiciúil dhinimiciúil, agus glacadh le cur chuige oiriúnaitheach maidir le hoibriú leis na próisis nádúrtha seo. Níor cheart go mbeadh béim á leagan i straitéis bainistíochta tuilte díreach ar chaomhnú tailte atá ann cheana féin. Ba cheart glacadh leis go bhforbraíonn agus go meathlaíonn riasca, réileáin láibe agus éiceachórais ghaolmhara eile agus ba cheart breithniú cuí a dhéanamh ar athailíniú cosaintí agus úsáid a bhaint as tailte cosanta tuilte cúlaithe agus íobartacha chun a leithéid sin de ghnáthóga a chothabháil mar chuid de straitéis fhoriomlán. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC52** | A chinntiú go bhfuil cosaintí cósta nádúrtha an Chontae (tránna, dumhcha gainimh, riasca goirt agus tailte inbhir) cosanta agus a chinntiú nach gcuireann oibreacha nó forbairt mhíchuí iad sin i mbaol. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC53** | Iniúchadh a dhéanamh, sa chás go nglactar leis go bhfuil bagairt á cruthú ag creimeadh cósta do réadmhaoin atá tógtha cheana féin, ar fhéidearthacht theicniúil, timpeallachta agus gheilleagrach agus ar roghanna bainistithe cúlaithe cósta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC54** | Teicnící boginnealtóireachta a úsáid mar rogha mhalartach seachas oibreacha cosanta cósta crua-innealtóireachta, más féidir. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC55** | Oibreacha cosanta cósta riachtanacha a shainaithint, a eagrú in ord tosaíochta agus a chur chun feidhme faoi réir infhaighteacht acmhainní, agus a chinntiú go bhfuil ardleibhéal cosanta ar fáil do ghnáthóga agus do ghnéithe nádúrtha, agus a chinntiú go dtugtar aird chuí ar bhreithniúcháin fhisiúla agus ar bhreithniúcháin timpeallachta eile nuair a bhíonn aon oibreacha cosanta cósta dá leithéid á ndearadh. |

## 11.5.4 Poirt agus Calafoirt

Tá beartas um athchóiriú straitéiseach agus treochlár le haghaidh forbairt phoirt na hÉireann le fáil i *mBeartas Náisiúnta Calafort 2013* atá ullmhaithe ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS). Áirítear Port Dhroichead Átha i measc ceann de chúig Phort lena mbaineann Suntas Réigiúnach, atá faoi úinéireacht an stáit agus sonraítear sa bheartas go bhfuil ról tábhachtach ag Cuideachta Phort Dhroichead Átha i lastdáileadh réigiúnach. Is é Droichead Átha an port is mó as measc na dtrí phort tráchtála gContae Lú.

Is é An Grianfort an dara port is mó sa Chontae. Tá Port an Ghrianfoirt faoi úinéireacht phríobháideach.

Láimhseáiltear lastas sa phort agus is ionann é freisin agus an t-ionad cinn aistir le haghaidh Bád Farantóireachta Chairlinn a sholáthraíonn nasc le An Caisleán Nua i dTuaisceart Éireann.

Is lasta ginearálta a bhí á láimhseáil i bPort Dhún Dealgan agus is cuid de Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath é. Is port iascaireachta é Ceann Chlochair atá faoi úinéireacht Chomhairle Contae Lú. Is port tábhachtach iascaireachta atá ann agus in 2018 bhí na hiasc a tugadh i dtír ag Ceann Chlochair cothrom le €8 milliún.

Tá tuilleadh eolais agus beartas a bhaineann le Poirt agus Calafoirt le fáil i gCaibidil 5, Geilleagar agus Fostaíocht.

## 11.5.5 Forbairt i gCeantair Chósta

Ní mór do thograí forbartha i limistéir chósta aird a thabhairt ar nádúr athraitheach agus dinimiciúil an chósta. Tuigeann an Chomhairle gurb iad réitigh chrua-innealtóireachta na réitigh is déine ar acmhainní agus go gcuimsítear iontu an leibhéal is airde cur isteach ar phróisis nádúrtha. Dá bharr sin, ní féidir réitigh den sórt sin a úsáid ach in imthosca eisceachtúla.



Mar phrionsabal ginearálta, ba cheart freastal ar fhorbairt i gceantair chósta más féidir i gceantair a forbraíodh roimhe seo sular féidir breithniú a dhéanamh ar fhorbairt láithreán úrnua.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC56** | Carachtar speisialta an chósta a chosaint trí fhorbairt mhíchuí a chosc, go háirithe ar thaobh na farraige de bhóithre cósta. Ba cheart freastal ar fhorbairt nua, más féidir, laistigh de cheantair atá forbartha cheana féin agus ba cheart go mbeadh a ndearadh seasmhach ó thaobh na haeráide de. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC57** | Nádúr agus patrún na forbartha laistigh de cheantair chósta a rialú go dian agus a chinntiú go bhfuil an fhorbairt deartha agus tírdhreachaithe ag caighdeán an-ard, agus láithreánaithe go cuí ionas nach mbainfear an bonn de thaitneamhacht fhísiúil an cheantair. Cuirfear cosc ar fhorbairt áit a gcruthaíonn an fhorbairt bagairt shuntasach nó phoitéinsiúil do ghnáthóga nó gnéithe cósta, agus/nó áit ar dócha go mbeidh an fhorbairt mar bhonn le patrúin athraithe creimthe nó sil-leagain in áiteanna eile feadh an chósta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC58** | Cosc a chur ar fhorbairt feadh an chósta lasmuigh de cheantair uirbeacha reatha nach bhfuil a leithéid d'fhorbairt cosanta go cuí iontu thar shaolré na forbartha gan gá a bheith le cosaintí cósta breise a thógáil. |

## 11.5.6 Turasóireacht agus Caitheamh Aimsire Cois Cósta

Is acmhainn shuntasach é cósta Lú i dtéarmaí gníomhaíochtaí turasóireachta, caitheamh aimsire agus aclaíocht mhuirí. Ba cheart go mbeadh gníomhaíochtaí aclaíochta muirí láithreánaithe, deartha agus bainistithe ar mhaithe le cur isteach físiúil, truailliú agus coinbhleachtaí le húsáidí eile a bhféadfadh baint a bheith acu leo a sheachaint.



Is é beartas na Comhairle tránna a chothabháil ag an gcaighdeán is airde is féidir agus a bpoitéinseal caitheamh aimsire a fhorbairt mar áiseanna taitneamhachta cois trá a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu.

Is taitneamhachtaí suntasacha iad láithreacha snámha ainmnithe, tránna le Bratacha Gorma agus tránna eile ar ardchaighdeán sa Chontae, agus baineann tábhacht leo freisin i ndáil le forbairt turasóireachta agus gheilleagrach.

Mar atá thuasluaite, is tránna ardluacha iad An Port/An Lorgain Bhuí, Ceann Chlochair, agus Cnoc na Cáithe/Baile an Teampaill, lena mbaineann poitéinseal suntasach turasóireachta. Bronnadh Bratach Ghorm ar gach ceann de na tránna seo in 2020 agus bronnadh Gradam Cósta Glas ar thrá Rinn na Mara in 2020 mar gheall ar chaighdeán ard na timpeallachta.

Tá stádas caighdeán uisce 'Den Scoth' bainte amach ag uiscí snámha sainaitheanta laistigh de Chontae le 4 bliana anuas. Sonraíodh i dtuarascáil EPA maidir le Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn 'go bhfuil uiscí snámha i gCo. Lú ar ardchaighdeán go leanúnach agus nach bhfuil mórán foinsí truaillithe sainaitheanta

Is taitneamhacht nádúrtha le haghaidh caitheamh aimsire agus áineasa é an cósta. Tá poitéinseal suntasach ag ceantair chósta Chontae Lú don earnáil turasóireachta agus cabhrú le fostaíocht áitiúil inbhuanaithe a chruthú laistigh de phobail chósta.

Ag leibhéal réigiúnach, tugtar aitheantas do luach turasóireachta an chósta sa tionscnamh nua dar teidal '*Irish Sea Way*'. Glactar leis go mbeidh an tionscnamh seo mar bhonn le luach turasóireachta chósta Lú a fheabhsú tuilleadh agus oibreoidh an Chomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun tacú leis an tionscnamh seo nuair a bheidh sé seolta. Is sampla é Cairlinn de cheantar laistigh den Chontae a bhfuil buntáistí suntasacha bainte aige as a thaitneamhachtaí cósta.

Áirítear ina measc seo gníomhaíochtaí talún cosúil le siúl agus rothaíocht ar Ghlasbhealach Chairlinn agus gníomhaíochtaí uisce cosúil le snámh, canúáil, clárchéaslóireacht, surfáil agus slatiascaireacht. Tá poitéinseal tairbhe a bhaint as gníomhaíochtaí den chineál sin feadh chósta Lú.

Go minic d'fhéadfadh go mbeadh an bonneagar a bhaineann le gníomhaíochtaí mar seo i gcoinbhleacht le nádúr íogair an chósta, na hainmniúcháin timpeallachta éagsúla agus an oidhreacht thógtha feadh an chósta. Beidh sé riachtanach suíomhanna a shainaithint ar an gcósta ar féidir freastal ar na gníomhaíochtaí seo iontu gan a bheith i gcoinbhleacht le cuspóirí eile nó contrártha le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair. Tuigeann an Chomhairle go dteastaíonn suíomh cósta le haghaidh na ngníomhaíochtaí seo, ach nach mór iad a rialú agus a threorú go cuí i bhfianaise nádúr íogair an chósta.

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **TANC59** | Rangú stádais den scoth uiscí snámha sainaitheanta laistigh de Chontae Lú a chosaint. |

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **TANC60** | Tograí a spreagadh a thacaíonn le forbairt inbhuanaithe spórt uisce agus caitheamh aimsire muirí i gceantair chósta agus ar abhainnchórais ar fud an Chontae ar an gcoinníoll nach bhfuil aon tionchair dhíobhálacha shuntasacha ag a leithéid ar an timpeallacht, taitneamhacht fhisiúil agus oidhreacht. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC61** | Tacú le tograí a chuireann feabhas ar rochtain ar acmhainní muirí agus cósta le haghaidh gníomhaíochtaí turasóireachta agus spórt agus áineasa, más cuí, ag scála infheidhme. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC62** | Gníomhaíochtaí turasóireachta agus áineasa inbhuanaithe a éascú más cuí, go háirithe sa chás go gcruthaíonn a leithéid éagsúlú nó úsáid bhreise a bheith á baint as áiseanna gaolmhara seachas na gnáthphatrúin úsáide. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC63** | A cheangal go gcuireann forbairtí nua an poitéinseal go mbeidh tionchar ag a leithéid ar thurasóireacht sa cheantar san áireamh agus a léiriú conas atá tionchair dhiúltacha phoitéinsiúla ar thurasóireacht i measc pobal laghdaithe. Ní mór go gcuimseofaí anseo measúnú ar conas nach bhfuil níos mó tionchar diúltach poitéinsiúil ag an bhforbairt atá beartaithe ná buntáistí poitéinsiúla. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC64** | Tacú le tograí le haghaidh forbairt turasóireachta inbhuanaithe a dhéanann iarracht lántairbhe a bhaint as áiseanna agus spás a úsáid agus ag an am céanna an tionchar ar an timpeallacht a laghdú trí úsáid a bhaint as cur chuige forbartha trasearnála a fhreastalaíonn ar ghníomhaíochtaí éagsúla. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC65** | Cosc a chur ar fhorbairt feadh an chósta a bhainfeadh an bonn dá dhealramh físiúil nó a bheadh i gcoinbhleacht lena fheidhmeanna caitheamh aimsire agus áineasa. |

## 11.5.7 Uiscí Sliogiasc

Tá dhá cheantar feadh chósta Chontae Lú atá sainaitheanta mar Uiscí Sliogiasc Ainmnithe:

- Loch Cairlinn agus
- Cuan Dhún Dealgan.

Ar mhaithe leis na huiscí sliogiasc reatha a chosaint agus a chinntiú go mbeidh na ceantair seo á gcosaint amach anseo, tá *Treoir maidir le hUiscí Sliogiasc* (2006/113/CE) bunaithe ag an Aontas Eorpach. Is é an aidhm atá leis an Treoir seo bearta praiticiúla a bhunú chun uiscí a chosaint, lena n-áirítear uiscí sliogiasc, i gcoinne truaillithe agus daonraí sliogiasc áirithe a chosaint ó iarmhairtí díobhálacha, a tharlaíonn mar thoradh ar sceitheadh truailleán san fharraige. Baineann an Treoir le gnáthóg uisceach débhlaoscach agus moilisc gastrapóid (lena n-áirítear oisrí, diúilicíní, ruacain, muiríní agus breallaigh).



| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC66** | Leanúint ar aghaidh ag obair le pobail áitiúla, páirtithe leasmhara ábhartha agus leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun cur chun feidhme ceart agus rathúil na Treorach maidir le hUiscí Sliogiasc a chur chun feidhme feadh chósta Chontae Lú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC67** | Caighdeán na n-uiscí sliogiasc ainmnithe amach ó chósta Lú a chosaint. |

## 11.5.8 Dobharshaothrú

Cuimsítear i ndobharshaothrú saothrú nó feirmeoireacht iasc, inveirteabrach uisceach, plandaí uisceacha nó aon fhoirm uisceach de bhia atá oiriúnach chun éisc a chothú. Cuirtear formhór na gníomhaíochta dobharshaothraithe i gcrích sa timpeallacht mhuirí ar an imeall trá. Tugtar le fios sa Suirbhé Dobharshaothraithe is déanaí atá déanta ag BIM go bhfuil 87 duine sa Chontae fostaithe ag Earnáil Dobharshaothraithe na hÉireann agus go bhfuil luach táirgthe de bhreis is €5.3m luaite leis gach bliain. Deimhnítear sa suirbhé seo freisin go bhfuil 7 n-aonad táirgthe laistigh de Chontae Lú, a bhfuil gníomhaíocht dobharshaothraithe diúilicíní agus oisrí den chuid is mó ar siúl ann.



Is gníomhaíocht gheilleagrach thábhachtach é iascaireacht tráchtála agus dobharshaothrú i gceantair chósta faoin tuath. Tacaíonn an Plean seo le soláthar bonneagar calafoirt oiriúnach a éascaíonn tionscal iascaireachta nua-aimseartha agus nuálach.

Tá an Chomhairle airdeallach ar agus leanfaidh an Chomhairle ag tacú le forbairt inbhuanaithe an tionscail dobharshaothraithe chun lántairbhe a bhaint as an mbealach a bhfuil an tionscal seo ag cur le fostaíocht agus leis an ngeilleagar.

Chomh maith leis sin, leagtar béim sa Phlean seo ar an ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag dobharshaothrú in éagsúlú na gceantar tuaithe.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC68** | Tacú le húsáid a bhaint as áiseanna poirt atá ann cheana féin le haghaidh gabháil agus próiseáil iasc mar ghníomhaíocht gheilleagrach a chuireann leis an tionscal bia sa Chontae. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC69** | A chinntiú go léirítear i dtograí le haghaidh forbairt gheilleagrach a bhaineann leis an earnáil mhuirí íogaireachtaí timpeallachta chósta Lú agus go bhfuil siad á mbreithniú dá réir sin. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TANC70** | Iarracht a dhéanamh a chinntiú go léirítear i dtograí neamh-dhobharshaothraithe i gceantair táirgthe dobharshaothraithe go bhfuil breithniú déanta acu agus go bhfuil siad comhoiriúnach le táirgeadh dobharshaothraithe agus leis an timpeallacht. |